Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 20 Samhain 2017**
**(OR. en)**

**14435/17**

**CYBER 183**
**TELECOM 303**
**ENFOPOL 534**
**JAI 1055**
**MI 845**
**COSI 283**
**JAIEX 101**
**RELEX 989**
**IND 317**
**CSDP/PSDC 643**
**COPS 360**
**POLMIL 145**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 20 Samhain 2017 |
| chuig: | Toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 13943/17 + COR 1 |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 12210/17, 12211/17 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir leis an teachtaireacht chomhpháirteach chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle: Athléimneacht, bacadh agus cosaint: Cibearshlándáil láidir a thógáil don Aontas Eorpach<br>- Conclúidí ón gComhairle (20 Samhain 2017) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir leis an teachtaireacht chomhpháirteach chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle: Athléimneacht, bacadh agus cosaint: cibearshlándáil láidir a thógáil don Aontas, arna nglacadh ag an gComhairle Gnóthaí Ginearálta ar an 20 Samhain 2017.

**IARSCRÍBHINN**

**Dréacht-Chonclúidí ón gComhairle maidir leis an teachtaireacht chomhpháirteach chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle: Athléimneacht, bacadh agus cosaint: Cibearshlándáil láidir a thógáil don Aontas Eorpach**

Déanann Comhairle an Aontais Eorpaigh an méid seo a leanas:

1. AG AITHINT DI a thábhachtaí atá an chibearshlándáil do rathúnas, fás agus slándáil an Aontais agus do shláine ár sochaithe saora daonlathacha agus do na próisis, sa ré dhigiteach seo, ar dúshraith iad do na sochaithe sin, trí chosaint a thabhairt don smacht reachta agus cearta an duine agus, chomh maith leis sin, do shaoirsí bunúsacha an uile dhuine;

2. LEAGANN SÍ BÉIM ar an ngá atá ann cur chuige comhtháite a bheith ann agus aghaidh á tabhairt ar an gcibearshlándáil ar an leibhéal náisiúnta, ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal domhanda, mar is féidir tionchar a bheith ag cibearbhagairtí ar ár ndaonlathas, ar ár rathúnas, ar ár gcobhsaíocht agus ar ár slándáil;

3. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go bhfuil sé tábhachtach, fosta, ardleibhéal cibearathléimneachta a bheith ann ar fud an Aontais ionas go mbeidh muinín sa mhargadh aonair digiteach agus go ndéanfar tuilleadh forbartha ar Eoraip dhigiteach;

4. AG ATHDHEARBHÚ DI go gcuirfidh an tAontas cibearspás oscailte domhanda saor síochánta slán chun cinn go leanúnach, cibearspás ina gcuirfear i bhfeidhm agus ina dtabharfar urraim, laistigh den Aontas agus ar fud an domhain, do chearta an duine agus do shaoirsí bunúsacha, go háirithe don cheart chun tuairimí a nochtadh, do rochtain ar fhaisnéis, ar shonraí chosanta, phríobháideachais agus slándála, agus do chroíluachanna agus do chroíphrionsabail an Aontais lena chois, agus CUIREANN SÍ I dTREIS a ríthábhachtaí atá sé an chothromaíocht chuí a chinntiú idir cearta an duine agus saoirsí bunúsacha, chomh maith leis na ceanglais a chomhlíonadh i mbeartas slándála inmheánaí an Aontais[1],

5. AG AITHINT DI go mbíonn feidhm sa chibearspás ag an dlí idirnáisiúnta, lena n-áirítear Cairt na Náisiún Aontaithe ina hiomláine, ag an dlí idirnáisiúnta daonnúil agus ag dlí idirnáisiúnta chearta an duine agus, ar an gcaoi sin, BÉIM Á LEAGAN AICI ar an gá atá ann leanúint le hiarrachtaí a dhéanamh chun a áirithiú go gcloítear leis an dlí idirnáisiúnta sa chibearspás;

[1] 12650/17.

6. AG MEABHRÚ DI a conclúidí maidir le straitéis cibearshlándála an Aontais Eorpaigh[2], maidir le rialachas idirlín[3], maidir le cibearathléimneacht an Aontais a neartú[4], maidir leis an gcibearthaidhleoireacht[5] agus maidir le creat do chomhfhreagairt taidhleoireachta ón Aontas ar chibearghníomhaíochtaí mailíseacha[6], maidir le feabhas a chur ar an gceartas coiriúil sa chibearspás[7]; maidir le slándáil agus cosaint i gcomhthéacs straitéis dhomhanda an Aontais[8], maidir leis an gcreat comhpháirteach maidir le cur i gcoinne bagairtí hibrideacha[9] agus maidir leis an athbhreithniú meántéarmach ar straitéis athnuaite slándála inmheánaí don Aontas Eorpach 2015-2020[10];

7. AG AITHINT DI go gcuireann coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa maidir le cibearchoireacht (Coinbhinsiún Bhúdaipeist) bunús láidir ar fáil do ghrúpa tíortha éagsúla le haghaidh caighdeán dlíthiúil éifeachtach don reachtaíocht náisiúnta éagsúil agus i gcomhair comhoibriú idirnáisiúnta chun aghaidh a thabhairt ar an gcibearchoireacht;

8. AG AITHINT DI gur gá béim athnuaite a chur ar chur chun feidhme chreat beartais cibearchosanta 2014 de chuid an Aontais agus é a nuashonrú chun cibearshlándáil agus cosaint a chomhtháthú tuilleadh sa chomhbheartas slándála agus cosanta (CBSC) agus sa chlár oibre ginearálta slándála agus cosanta;

9. AG AITHINT DI go bhfuil sé tábhachtach go mbeidh an tionscal Eorpach iomaíoch ar fud an domhain ionas gur féidir ardleibhéal cibearshlándála a bhaint amach ar an leibhéal náisiúnta agus ar fud an Aontais;

10. AG MEABHRÚ DI, de réir Airteagal 4.2 den CAE, gur freagracht ar gach Ballstát faoi leith í an tslándáil náisiúnta.

---

[2] 12109/13 agus 6225/13 (Teachtaireacht chomhpháirteach chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún: Straitéis cibearshlándála an Aontais Eorpaigh: *An Open, Safe and Secure Cyberspace* [Cibearspás atá oscailte, sábháilte agus slán] (COM (2013) 1 final)).

[3] 16200/14 agus 6460/14 (*Communication from the Commission to the European Parliament, the Council, the European Economic and Social Committee and the Committee of the Regions: Internet Policy and Governance - Europe's role in shaping the future of Internet Governance* [Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún: Beartas agus rialachas idirlín - ról na hEorpa maidir le rialachas idirlín sa todhchaí a mhúnlú] (COM(2014) 72 final))

[4] 14540/16 agus 11013/16 (*Communication from the Commission to the European Parliament, the Council, the European Economic and Social Committee and the Committee of the Regions Strengthening Europe's Cyber Resilience System and Fostering a Competitive and Innovative Cybersecurity Industry* [Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún: Córas cibearathléimneachta na hEorpa a threisiú agus tionscal cibearshlándála atá iomaíoch agus nuálach a chothú] (COM 2016(410) final).

[5] 6122/15.

[6] 9916/17.

[7] 10007/16.

[8] 9178/17.

[9] 7688/16 (Teachtaireacht chomhpháirteach chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle: Creat comhpháirteach maidir le cur i gcoinne bagairtí hibrideacha: Freagairt ón Aontas Eorpach).

[10] 12650/17.

**LEIS SIN**

11. IS DÍOL SÁSAIMH DI an teachtaireacht chomhpháirteach chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle, dar teideal: *Resilience, Deterrence and defence* [Athléimneacht, bacadh agus cosaint]: *Building strong cybersecurity for the EU* [Cibearshlándáil láidir a thógáil don Aontas Eorpach] de thairbhe go leagtar síos sprioc uaillmhianach ann an chibearshlándáil a fheabhsú laistigh den Aontas Eorpach. Ina theannta sin, cuirfidh sé le huathriail straitéiseach an Aontais dá dtagraítear sna conclúidí ón gComhairle i ndáil le straitéis dhomhanda an Aontais Eorpaigh maidir leis an mbeartas eachtrach agus slándála[11] trí iarracht a dhéanamh Eoraip dhigiteach a fhorbairt a bheidh níos sláine, a chothóidh muinín, a bheidh feasach ar a láidreachtaí, a bheidh iomaíoch, a bheidh oscailte don domhan mór, a thabharfaidh urraim do luachanna comhroinnte an Aontais maidir le hidirlíon domhanda atá oscailte, saor, síochánta agus slán - agus, dá bhrí sin, a mbeidh leibhéal níos airde athléimneachta inti agus a bheidh in ann cibearbhagairtí a chosc, a dhíspreagadh, a bhrath agus a fhreagairt chomh maith le cibearbhagairtí a chomhfhreagairt ar fud an Aontais Eorpaigh, agus

12. IARRANN SÍ ar na Ballstáit agus ar institiúidí, ar ghníomhaireachtaí agus ar chomhlachtaí an Aontais oibriú as lámh a chéile, agus urraim á tabhairt acu do réimsí inniúlachta a chéile agus do phrionsabal na coimhdeachta, mar fhreagairt ar na cuspóirí straitéiseacha atá leagtha amach sna Conclúidí seo, agus

13. CUIREANN SÍ I bhFÁTH gur gá don Aontas, dá Bhallstáit agus don earnáil phríobháideach maoiniú leordhóthanach a áirithiú, agus urraim á tabhairt acu do na hacmhainní atá ar fáil, chun tacú le cibearathléimneacht a thógáil agus le hiarrachtaí taighde agus forbartha a dhéanamh i dtaca leis an gcibearshlándáil ar fud an Aontais, chomh maith le neart a chur leis an gcomhar chun cibearbhagairtí a chosc, a dhíspreagadh, a bhacadh, a bhrath agus a fhreagairt, agus chun a bheith in ann teagmhais mhórscála chibearshlándála agus cibearghníomhaíochtaí mailíseacha a chomhfhreagairt ar fud an Aontais;

[11] 13202/16.

**Caibidil I**

**CIBEAR-ATHLÉIMNEACHT ÉIFEACHTACH A ÁIRITHIÚ SAN AONTAS AGUS MUINÍN A ÁIRITHIÚ SA MHARGADH AONAIR DIGITEACH**

14. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR go bhfuil an phríomhfhreagracht ar gach aon Bhallstát cibearshlándáil dá chuid féin a fheabhsú agus freagairt uaidh a áirithiú do theagmhais agus do ghéarchéimeanna cibearshlándála, ach gur féidir leis an Aontas breisluach láidir a sholáthar chun tacú leis an gcomhar idir na Ballstáit. Sa chomhthéacs sin, CUIREANN SÍ I dTREIS gur gá do na Ballstáit go léir na hacmhainní a bheidh de dhíth a chur ar fáil do na húdaráis náisiúnta atá freagrach as cibearshlándáil, d'fhonn a áirithiú go gcuirfear cosc ar theagmhais agus ar ghéarchéimeanna cibearshlándála ar fud an Aontais, agus go mbraithfear iad agus go bhfreagrófar dóibh fosta;

15. ATHDHEARBHAÍONN SÍ gur gá, i gcás inar féidir, an úsáid is fearr a bhaint as na sásraí, na struchtúir agus na heagraíochtaí atá ann cheana ar leibhéal an Aontais;

16. MOLANN SÍ AN MÉID SEO A LEANAS:

- an dul chun cinn a rinne na Ballstáit i dtaca leis an treoir maidir le cibearshlándáil a thrasuí agus CUIREANN SÍ IN IÚL GO LÁIDIR gur gá trasuíomh iomlán éifeachtach a chur chun feidhme faoi mhí na Bealtaine 2018 mar atá leagtha síos sa treoir sin[12];
- an obair a rinne grúpa comhair na cibearshlándála chun feabhas a chur ar an gcomhar straitéiseach agus ar chomhroinnt faisnéise idir na Ballstáit;
- an obair a rinne líonra na bhfoirne freagartha do theagmhais a bhaineann le slándáil ríomhairí, go háirithe i dtaca le neart a chur le comhar oibríochtúil na mBallstát, muinín agus iontaoibh a chothú i gcomhroinnt faisnéise agus teagmhais mórscála cibearshlándála á láimhseáil, agus, bunaithe ar chonclúidí náisiúnta ó na Ballstáit, i soláthar eilimintí le haghaidh feasacht staide ar leibhéal Eorpach;
- an obair a rinne an chomhpháirtíocht chonarthach phríobháideach phoiblí (cPPP) maidir leis an gcibearshlándáil.

12 gan dochar d'inniúlacht na mBallstát, agus oibreoirí na seirbhísí riachtanacha go háirithe, i dtaca le trasuíomh na treorach maidir leis an gcibearshlándáil.

17. Is DÍOL SÁSAIMH DI an dearbhú atá sa Teachtaireacht Chomhpháirteach gur den tábhacht é criptiú láidir, iontaofa chun cearta an duine agus na saoirsí bunúsacha a áirithiú mar is ceart san Aontas agus le go mbeidh muinín ag an bpobal as an Margadh Aonair Digiteach, agus aird á tabhairt ar an ngá go mbeadh rochtain ag údaráis fhorghníomhaithe an dlí ar na sonraí atá riachtanach dá gcuid imscrúduithe agus an dearbhú go bhfuil ról tábhachtach ag sainaithint agus cumarsáid shlán dhigiteach ó thaobh cibearshlándáil éifeachtach a áirithiú san Aontas Eorpach;

18. Is DÍOL SÁSAIMH DI an plean atá sa Teachtaireacht Chomhpháirteach chun cur le huaillmhian na bhfreachnamh uile-Eorpach cibearshlándála a bheadh le déanamh ar bhonn rialta, ag tógáil ar an taithí a fuarthas ó fhreachnaimh na Cibear-hEorpa, an fhreagairt ar leibhéil éagsúla á cur le chéile, ós rud é go mbeidh sé seo ina chuid thábhachtach ó thaobh ullmhacht na mBallstát agus institiúidí an Aontais a chur chun cinn i ndáil le freagairt do chibeartheagmhais mhórscála;

19. IARRANN SÍ ar an Aontas gona Bhallstáit freachnaimh straitéiseacha rialta chibearshlándála a dhéanamh i bhfoirmíochtaí éagsúla de chuid na Comhairle, ag tógáil ar an taithí a fuarthas le linn CYBID 2017 agus

20. Gan dochar don toradh a bheidh ar an bpróiseas reachtach:

- Is DÍOL SÁSAIMH DI an moladh go mbeadh sainordú láidir buan ag ENISA agus é de phríomhchuspóir aige tacú le comhar níos dlúithe a fhorbairt idir na Ballstáit, chun cur lena gcuid acmhainní agus leis an muinín san Eoraip dhigiteach;

- ATHDHEARBHAÍONN SÍ gur cheart go mbeadh ENISA ag brath ar an taithí agus an saineolas sna Ballstáit agus san Aontas agus go dtacódh sé le forbairt agus cur chun cinn comhsheasmhach na mbeartas agus na rialachán cibearshlándála atá ag an Aontas faoi láthair agus a bheidh aige amach anseo, agus é á áirithiú aige ag an am céanna go ndéanfaí inniúlachtaí uile ENISA a fhorbairt le go mbeidh siad in ann inniúlachtaí na mBallstát a chomhlánú;

- ATHDHEARBHAÍONN SÍ an cuspóir go gcuirfí leis an muinín san Eoraip dhigiteach tríd an iontaoibh agus an mhuinín a mhéadú sna réitigh dhigiteacha agus sna nuálaíochtaí digiteacha, lena n-áirítear Idirlíon na Rudaí Nithiúla, an r-thráchtáil agus an r-rialachas, go háirithe i dtéarmaí scothchreata Eorpaigh deimhniúcháin cibearshlándála[13]. Tá sé seo ar cheann de na príomhriachtanais i dtaca le muinín agus slándáil a fheabhsú maidir le táirgí agus seirbhísí digiteacha, sonraí rialtais, sonraí na saoránach agus sonraí gnó a chosaint agus tá sé tábhachtach freisin ó thaobh cur chuige na slándála-tríd-an dearadh a ghlacadh do tháirgí, seirbhísí agus próisis sa Mhargadh Aonair Digiteach;

- CUIREANN SÍ I dTREIS maidir leis an obair reachtach a dhéanfar chun deimhniúchán cibearshlándála ar leibhéal an Aontais a neartú, caithfidh an obair sin freastal ar riachtanais an mhargaidh agus na n-úsáideoirí, tógáil ar thaithí a fuarthas i ndáil le hacmhainní agus próisis deimhniúcháin atá ann cheana san Aontas (mar shampla an creat SOG-IS) agus go gcaithfidh sí creat a chur ar fáil a d'fhéadfadh a oiriúnú gan mhoill do staid reatha na bhforbairtí digiteacha amach anseo;

- CUIREANN SÍ I dTREIS a thábhachtaí atá sé go gclúdófaí speictream iomlán na riachtanas slándála agus feabhas á chur ar dheimhniúchán cibearshlándála san Aontas, suas go dtí na riachtanais is airde, áit ar gá an chosaint i gcoinne chumais na n-ionsaitheoirí a léiriú. I measc na bhfachtóirí is tábhachtaí tá an méid a leanas: go n-áiritheofaí gur próiseas iontaofa, trédhearcach, neamhspleách a bheadh ann don deimhniúchán slándála, lena gcuirfí ar fáil feistí, bogearraí agus seirbhísí a bheadh iontaofa, slán, laistigh den Mhargadh Aonair agus lasmuigh de; go n-aithneofaí saineolas thionscal, rialtais agus speisialtóirí meastóireachta na hEorpa trí mheán chaighdeáin Eorpacha agus dhomhanda[14]; go dtabharfaí urraim do ról na mBallstát sa phróiseas deimhniúcháin, go háirithe i dtaca le meastóireacht ar ardleibhéil slándála agus i ndáil le dianriachtanais slándála agus measúnú ar scileanna. Leis an gcreat deimhniúcháin sin, ba cheart a áirithiú go mbeadh aon scéim deimhniúchán uile-Eorpach i gcomhréir leis an leibhéal dearbhaithe is gá chun na táirgí, seirbhísí agus/nó córais TFC ábhartha a úsáid, agus go gcuirfeadh sé ar chumas gnólachtaí ar gach scála trádáil trasteorann a dhéanamh ar mhaithe le táirgí nua a fhorbairt agus a dhíol, laistigh de mhargadh an Aontais agus lasmuigh de freisin.

---

[13] Trí chaighdeáin dhomhanda arna bhforbairt i gcomhréir le spiorad Chód Dea-Chleachtas EDT-BTT.

[14] Trí chaighdeáin dhomhanda arna bhforbairt i gcomhréir le spiorad Chód Dea-Chleachtas EDT-BTT.

21. Is DÍOL SÁSAIMH DI go bhfuiltear ag beartú líonra d'ionaid inniúlachta cibearshlándála a bhunú chun forbairt agus úsáid teicneolaíochtaí cibearshlándála a spreagadh agus chun dreasú breise a thabhairt do thionscal an Aontais ar an leibhéal domhanda chun teicneolaíochtaí den chéad ghlúin eile agus ceannródaíocha a fhorbairt, amhail intleacht shaorga, ríomhaireacht chandamach, blocshlabhra agus slánchéannachtaí digiteacha;

22. LEAGANN SÍ BÉIM ar a riachtanaí atá sé go mbeadh an líonra d'ionaid inniúlachta chibearshlándála oscailte do gach Ballstát agus do na hionaid barr feabhais agus inniúlachta atá acu cheana, agus aird ar leith a thabhairt don chomhlántacht, agus, leis an méid sin á chur san áireamh; TUGANN SÍ DÁ hAIRE an Lárionad Eorpach Taighde agus Cibearshlándála atá á bheartú, ar cheart dó díriú, ina phríomhról, ar chomhlántacht a áirithiú agus an dúbailt a sheachaint laistigh den líonra d'ionaid inniúlachta chibearshlándála agus le gníomhaireachtaí eile de chuid an Aontais;

23. LEAGANN SÍ BÉIM ar a riachtanaí atá sé go dtabharfadh an líonra d'ionaid inniúlachta chibearshlándála aghaidh ar speictream de shaincheisteanna, ón taighde go dtí an tionscal agus ba cheart dó, dá bhrí sin, rannchuidiú, inter alia, chun cuspóir neamhspleáchas straitéiseach na hEorpa a bhaint amach;

24. Maidir leis an líonra d'ionaid inniúlachta chibearshlándála atá á bheartú, ATHDHEARBHAÍONN SÍ a riachtanaí atá sé go bhforbródh an tAontas Eorpach, trína chuid Ballstát, acmhainneacht Eorpach chun meastóireacht a dhéanamh ar neart na cripteagrafaíochta a úsáidtear i dtáirgí agus seirbhísí atá ar fáil do shaoránaigh, do ghnólachtaí agus do rialtais laistigh den Mhargadh Aonair Digiteach agus, ag an am céanna, ag aithint gur gné thábhachtach den tslándáil náisiúnta iad na beartais chripteagrafaíochta agus gur cuid iad, dá bharr sin, d'inniúlacht na mBallstát;

25. IARRANN SÍ ar na geallsealbhóirí ábhartha uile a gcuid infheistíochtaí a mhéadú i bhfeidhmeanna cibearshlándála na nuatheicneolaíochta chun cuidiú leis an gcibearshlándáil a áirithiú i ngach earnáil de gheilleagar na hEorpa;

26. CUIREANN SÍ I bhFÁTH a thábhachtaí atá sé go gcuirfí seirbhísí cibearshlándála ar fáil d'institiúidí an Aontais Eorpaigh a bheadh iontaofa, inchreidte agus comhordaithe agus IARRANN SÍ ar an gCOIMISIÚN agus Institiúidí eile an Aontais, CERT-EU a fhorbairt tuilleadh i gcomhréir leis na haidhmeanna sin agus chun acmhainní leordhóthanacha a áirithiú dó sin chomh maith;

27. IS DÍOL SÁSAIMH DI gur iarradh go n-aithneofaí ról tábhachtach taighdeoirí tríú páirtí slándála chun leochaileachtaí a aimsiú sna táirgí agus sna seirbhísí atá ann agus IARRANN SÍ ar na Ballstáit na dea-chleachtais a roinnt ar mhaithe le nochtadh comhordaithe na leochaileachtaí;

28. CUIREANN SÍ I dTREIS go bhfuil freagracht ar gach aon pháirtí ó thaobh na cibearshlándála de agus IARRANN SÍ ar an Aontas Eorpach gona Bhallstáit scileanna digiteacha agus litearthacht sna meáin a chur chun cinn chun cuidiú le húsáideoirí a gcuid faisnéise digití a chosaint ar líne agus a gcuid feasachta a mhéadú i ndáil leis na rioscaí a bhaineann lena gcuid sonraí pearsanta a chur ar an Idirlíon;

29. IS DÍOL SÁSAIMH DI an bhéim a leagtar sa Teachtaireacht Chomhpháirteach ar an oideachas, an chibearshláinteachas agus an fheasacht sna Ballstáit agus san Aontas Eorpach;

30. IARRANN SÍ AR AN gCOIMISIÚN measúnú tionchair a chur ar fáil gan mhoill agus togra a dhéanamh faoi lár na bliana 2018 i ndáil leis na hionstraimí ábhartha dlíthiúla le haghaidh chur chun feidhme an tionscnaimh chun líonra d'ionaid inniúlachta chibearshlándála agus an Lárionad Eorpach Taighde Cibearshlándála a bhunú;

31. IARRANN SÍ ar na Ballstáit an méid seo a leanas a dhéanamh:

- tosaíocht a thabhairt don chibearfheasacht i bhfeachtais eolais, agus an chibearshlándáil a spreagadh mar chuid de chláir acadúla, oideachais agus gairmoiliúna. Ba cheart béim ar leith a chur ar an oideachas don óige agus ar scileanna digiteacha chun gairmithe a sheasfaidh i bhfad na haimsire a chruthú agus a bheidh réidh chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhaineann le slándáil, leis an ngeilleagar agus seirbhísí;

- dul chun cinn a dhéanamh i ndáil le sainchláir ardleibhéil chibearshlándála a oscailt chun an bhearna atá ann do ghairmithe cibearshlándála faoi láthair san Aontas a líonadh;

- líonra éifeachtach comhair de phointí teagmhála oideachais a chruthú faoi scáth ENISA. Ba cheart go bhféachfadh an líonra de phointí teagmhála le feabhas a chur ar an gcomhordú agus ar mhalartú na scothchleachtas i measc na mBallstát maidir le hoideachas agus feasacht i ndáil leis an gcibearshlándáil, mar aon le hoiliúint, freachnaimh agus fothú acmhainní;

- féachaint an bhféadfaí rialacha na Treorach NIS a chur i bhfeidhm freisin maidir leis na riaracháin phoiblí a ghlacann páirt i ngníomhaíochtaí tábhachtacha sochaíocha nó eacnamaíocha, mura bhfuil siad clúdaithe cheana féin leis an reachtaíocht náisiúnta agus más iomchuí, agus an oiliúint chibearshlándála a chur ar fáil sna riaracháin phoiblí i bhfianaise an róil atá acu inár sochaí agus inár ngeilleagar.

**Caibidil II**

**CUMAS AN AONTAIS A FHORBAIRT CHUN GNÍOMHAÍOCHTAÍ MAILÍSEACHA CIBEARSHLÁNDÁLA A CHOSC, A DHÍSPREAGADH, A BHRATH AGUS A FHREAGAIRT**

32. CUIREANN SÍ IN IÚL go bhféadfadh Ballstát clásal dlúthpháirtíochta an Aontais[15] agus/nó an Clásal um Chúnamh Frithpháirteach[16] a agairt i gcás cibeartheagmhas tromchúiseach;

33. Is DÍOL SÁSAIMH DI gur glacadh an "Creat don Chomhfhreagairt Taidhleoireachta ón Aontas ar Chibearghníomhaíochtaí Mailíseacha" a bheidh ina rannchuidiú chun coinbhleachtaí a chosc, ar mhaithe le comhar agus cobhsaíocht sa chibearspás trí bhearta a leagan amach laistigh den CBES, lena n-áirítear bearta sriantacha, ar féidir úsáid a bhaint astu chun cibhearghníomhaíochtaí mailíseacha a chosc agus a fhreagairt agus IARRANN SÍ ar an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí (SEGS) agus na Ballstáit freachnaimh a dhéanamh go rialta sa Chreat sin;

---

[15] Airteagal 222 CFAE
[16] Airteagal 42.7 CAE

34. LEAGANN SÍ béim ar an ngá atá le freagairt éifeachtach ar leibhéal an Aontais do theagmhais agus géarchéimeanna mórscála cibearshlándála agus inniúlachtaí na mBallstát á n-urramú, ag an am céanna, agus béim freisin ar an ngá atá le cibearshlándáil a phríomhshruthú sna sásraí bainistithe géarchéime atá ann cheana ar leibhéal an Aontais[17]. Chun é sin a bhaint amach, IARRANN SÍ go ndéanfaí freachnamh rialta i ndáil le freagairt ar leibhéal an Aontais do theagmhais mhórscála cibearshlándála - ó fhreagairtí taidhleoireachta-straitéiseacha go freagairtí teicniúla - bunaithe ar na creataí agus na nósanna imeachta ábhartha agus á gcoigeartú más gá[18];

35. LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá sé go mbeadh freagairt chomhtháite ann mar aon le sásraí malartaithe faisnéise idir pobail éagsúla, rud atá ríthábhachtach chun an chibearshlándáil san Eoraip a áirithiú, lena n-áirítear idir comhlachtaí ábhartha an Aontais agus údaráis na mBallstát. Caithfear na sásraí sin a thástáil agus a fhíorú mar chuid d'fhreachnaimh chibhearshlándála ar leibhéal an Aontais agus caithfear stádas foirmiúil a thabhairt dóibh trí chomhaontuithe faoi seach, más gá sin;

36. TUGANN SÍ DÁ hAIRE, i gcás go dtíolacfadh an Coimisiún togra maidir le Ciste Freagartha Éigeandála Cibearshlándála a bhunú, mar aon lena bhfuil á dhéanamh ag na Ballstáit faoi láthair agus faoi réir na n-acmhainní a bheadh ar fáil (go háirithe laistigh de Chreat Airgeadais Ilbhliantúil an Aontais), go bhféachfaí an bhféadfaí cabhrú leis na Ballstáit freagairt do theagmhais mhórscála chibearshlándála agus iad a mhaolú, ar an gcoinníoll go mbeadh córas stuama cibearshlándála bunaithe roimh an teagmhas ag an mBallstát, lena n-áireofaí cur chun feidhme iomlán na Treorach maidir le slándáil gréasán agus faisnéise (NIS) agus creataí aibí bainistithe riosca agus maoirseachta ar an leibhéal náisiúnta;

37. AITHNÍONN SÍ na nascálacha méadaitheacha idir an chibearshlándáil agus an chosaint agus IARRANN SÍ go gcuirfí dlús leis an gcomhar maidir le cibearchosaint, lena n-áirítear trí chomhar a spreagadh idir na pobail shibhialtacha agus mhíleata freagartha teagmhais agus leanúint de chibearshlándáil mhisin agus oibríochtaí CBSC a neartú;

---

[17] C/2017/6100 final

[18] 9916/17 agus C/2017/6100 final.

38. CUIREANN SÍ I dTREIS gur gá leas iomlán a bhaint, más féidir sin, as na tionscnaimh chosanta atá beartaithe chun dlús a chur le forbairt na cibear-acmhainneachta leordhóthanaí san Eoraip agus AITHNÍONN SÍ na deiseanna a bheadh ann dá ndéanfaí tionscadail chibearchosanta a fhorbairt trí PESCO, dá gcinnfeadh Ballstáit rannpháirteacha PESCO go mba ghá sin agus AITHNÍONN SÍ an ról a d'imir bonn tionsclaíoch agus teicneolaíoch na cosanta Eorpaí (EDTIB) agus bonn sibhialtach níos leithne thionscal na cibearshlándála i dtaobh acmhainn a thabhairt do na Ballstáit chun a gcuid leasanna slándála agus cosanta a chosaint, a mhéid a bhain siad sin leis an gcibearshlándáil agus leis an gcibearchosaint;

39. TUGANN SÍ DÁ hAIRE an togra ón gCoimisiún ardán oiliúna agus oideachais a chur ar bun don chibearchosaint faoi dheireadh 2018 agus CUIREANN SÍ I dTREIS gur cheart don ardán sin cur leis na deiseanna oiliúna agus oideachais atá ar fáil sna Ballstáit agus gur cheart dó comhlántacht a áirithiú le hiarrachtaí agus le tionscnaimh eile de chuid an Aontais Eorpaigh, agus leis an gColáiste Eorpach um Shlándáil agus um Chosaint (ESDC) agus leis an nGníomhaireacht Eorpach um Chosaint (GEC) go háirithe;

40. IARRANN SÍ ar an Aontas gona Bhallstáit freagairt don bhagairt go ndéanfaí gadaíocht TFC-chumasaithe ar mhaoin intleachtúil, lena n-áirítear rúin trádála nó faisnéis rúnda eile ghnó, agus é mar aidhm leis sin buntáistí iomaíocha a thabhairt do chuideachtaí nó d'earnálacha tráchtála;

41. AITHNÍONN SÍ gur gá aghaidh a thabhairt ar choireanna sa chibearspás, lena n-áirítear iad siúd a dhéantar ar an dúghréasán, teacht i dtír gnéasach ar leanaí ar líne chomh maith le calaois agus góchumadh ar mheáin íocaíochta neamhairgid, go háirithe trí dhíriú ar staid faisnéis feabhsaithe a chruthú, imscrúduithe comhpháirteacha a dhéanamh agus tacaíocht oibríochtúil a roinnt;

42. IS DÍOL SÁSAIMH DI an obair atá á déanamh ag an Aontas gona Bhallstáit chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a eascraíonn as córais trínar féidir le coirpigh agus le sceimhlitheoirí cumarsáid a dhéanamh ar bhealaí nach féidir le húdaráis inniúla rochtain a fháil orthu, CUIREANN SÍ I dTREIS gur gá é a chur san áireamh agus an obair seo ar bun go bhfuil criptiú láidir, iontaofa den ríthábhacht don chibearshlándáil agus don iontaoibh sa Mhargadh Aonair Digiteach agus ar mhaithe le hurraim ar chearta an duine agus ar shaoirsí bunúsacha a áirithiú;

43. LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá sé uirlisí a chur ar fáil do lucht forfheidhmithe an dlí lenar féidir leo an chibearchoireacht a bhrath, a imscrúdú agus a ionchúiseamh, ionas nach rachaidh coireanna a dhéantar sa chibearspás i ngan fhios nó gan phionós agus IS DÍOL SÁSAIMH DI rannchuidiú an Ghréasáin Bhreithiúnaigh Eorpaigh um Chibearchoireacht sa chomhrac i gcoinne na coireachta tríd an gcomhar idir údaráis bhreithiúnacha;

44. CUIREANN SÍ I dTREIS a thábhachtaí atá sé seasamh comhordaithe de chuid an Aontais a áirithiú chun cinntí Eorpacha agus domhanda maidir le rialachas an idirlín a mhúnlú go héifeachtach laistigh den phobal il-gheallsealbhóra, amhail bunachair shonraí WHOIS (CÉHÉ) de sheoltaí IP agus d'ainmneacha fearainn atá inrochtana go gasta agus atá cruinn a áirithiú, ionas go ndéanfar acmhainneachtaí forfheidhmithe dlí agus leas an phobail a choimirciú;

45. CUIREANN SÍ I dTREIS a thábhachtaí atá sé glacadh leis an bprótacal idirlín IPv6, rud atá riachtanach d'fhonn Idirlíon na Rudaí Nithiúla a fhorbairt ar scála agus chun gur fearr a leagfar coireanna sa chibearspás ar an té atá ciontach;

46. MOLANN SÍ an obair leanúnach atá á déanamh maidir le rochtain trasteorann ar fhianaise leictreonach, maidir le haghaidh a thabhairt ar choinneáil sonraí agus maidir leis na dúshláin d'imeachtaí coiriúla a eascraíonn as córais trínar féidir le coirpigh agus le sceimhlitheoirí cumarsáid a dhéanamh ar bhealaí nach féidir le húdaráis inniúla rochtain a fháil orthu agus aird á tabhairt ar an ngá urraim a thabhairt do chearta an duine, do shaoirsí bunúsacha agus do chosaint sonraí;

47. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún:

- tuarascáil ar dhul chun cinn a chur i láthair faoi mhí na Nollag 2017 maidir le cur chun feidhme na mbeart praiticiúil d'fhonn feabhas a chur ar rochtain trasteorann ar fhianaise leictreonach;

- togra reachtach a chur i láthair go luath in 2018 d'fhonn feabhas a chur ar rochtain trasteorann ar fhianaise leictreonach;

48. IARRANN SÍ ar Europol, ENISA agus Eurojust:

- leanúint dá gcomhar a neartú sa chomhrac i gcoinne na cibearchoireachta, eatarthu féin agus le geallsealbhóirí ábhartha eile araon, lena n-áirítear pobal na bhfoirne freagartha do theagmhais a bhaineann le slándáil ríomhairí (CSIRT), Interpol, an earnáil phríobháideach agus an saol acadúil agus sineirgí agus comhlántachtaí a áirithiú sa chomhar sin, i gcomhréir lena sainorduithe agus lena n-inniúlachtaí faoi seach.

- rannchuidiú, i gcomhpháirt leis na Ballstáit, le cur chuige comhordaithe i leith fhreagairt an Aontais, ó thaobh fhorfheidhmiú an dlí, do chibeartheagmhais agus do ghéarchéimeanna ar mhórscála d'fhonn na nósanna imeachta a leagtar amach sna creata ábhartha[19] a chomhlánú;

49. IARRANN SÍ ar an Aontas gona Bhallstáit leanúint leis an obair d'fhonn an méid seo a leanas a dhéanamh:

- na bacainní ar imscrúdú na coireachta agus ar an gceartas coiriúil éifeachtach sa chibearspás a bhaint agus feabhas a chur ar an gcomhar agus ar an gcomhordú idirnáisiúnta sa chomhrac i gcoinne na coireachta sa chibearspás;

- aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a eascraíonn as teicneolaíochtaí a chur ó aithne agus é á chur san áireamh ag an am céanna go bhfuil criptiú láidir, iontaofa den ríthábhacht don chibearshlándáil agus don iontaoibh sa Mhargadh Aonair Digiteach;

- cinntí a mhúnlú maidir le rialachas idirlín, a mbíonn tionchar acu ar acmhainneacht lucht fhorfheidhmiú an dlí an choireacht sa chibearspás a chomhrac

[19] 9916/17 agus C/2017/6100 final.

**Caibidil III**

## AN COMHAR IDIRNÁISIÚNTA A NEARTÚ LE hAGHAIDH CIBEARSPÁS OSCAILTE, DOMHANDA, SAOR, SÍOCHÁNTA AGUS SLÁN

50. AITHNÍONN SÍ gur dúshlán domhanda is ea an chibearshlándáil a áirithiú, dúshlán a éilíonn comhar éifeachtach domhanda idir na gníomhaithe uile, agus AITHNÍONN SÍ gur gá béim ar leith a leagan ar choinneáil na luachanna daonlathacha agus na bprionsabal i dtaca le cibearspás atá oscailte, domhanda, saor, síochánta agus slán, agus leis an méid sin ar intinn aici, déanann sí an méid a leanas:

51. IARRANN SÍ ar an Aontas gona Bhallstáit bunú creata straitéisí do chosc coinbhleachtaí, don chomhar agus don chobhsaíocht sa chibearspás a chur chun cinn a bheidh bunaithe ar chur i bhfeidhm an dlí reatha idirnáisiúnta, agus go háirithe Chairt na Náisiún Aontaithe ina hiomláine, ar fhorbairt agus ar chur chun feidhme na ngnásanna uilechoiteanna i dtaca le hiompar freagrach stáit, agus ar bhearta cothaithe muiníne réigiúnacha idir stáit;

52. AITHNÍONN SÍ ról na Náisiún Aontaithe i dtaobh na ngnásanna uilechoiteanna i dtaca le hiompar freagrach stáit sa chibearspás a fhorbairt a thuilleadh agus meabhraíonn sí gurb é an toradh a bhí ar an bplé a rinne Grúpa Saineolaithe Rialtais na Náisiún Aontaithe thar na blianta sraith chomhthoiliúil de ghnásanna agus de mholtaí[20], a d'fhormheas an Comhthionól Ginearálta arís is arís eile, agus ar cheart a bheith mar bhonn ag stáit d'iompar freagrach stáit sa chibearspás;

53. AITHNÍONN SÍ go n-áirítear leis na gnásanna sin d'iompar freagrach stáit nár cheart do stáit úsáid a gcríoch a ligean go feasach do ghníomhaíochtaí éagóracha idirnáisiúnta, gur cheart dóibh freagairt d'iarratais iomchuí ar chúnamh ó aon stát eile a bhfuil a chuid bonneagair faoi réir gníomhartha mailíseacha TFC ag teacht óna chríoch agus gur cheart do stáit bearta iomchuí a dhéanamh chun a gcuid bonneagair chriticiúil a chosaint ó bhagairtí TFC;

54. AITHNÍONN SÍ na cibearbhagairtí agus na cibear-rioscaí coiteanna atá os comhair an Aontais agus ECAT gona Bhallstáit faoi seach agus ATHDHEARBHAÍONN SÍ a thábhachtaí atá sé leanúint leis an gcomhar AE-ECAT maidir le cibearshlándáil agus cosaint, agus lánurraim á tabhairt do phrionsabail na cuimsitheachta, na cómhalartachta agus neamhspleáchas cinnteoireachta de chuid an Aontais, agus i gcomhréir lena Chonclúidí ón 6 Nollaig 2016 maidir le cur chun feidhme an Dearbhaithe Chomhpháirtigh a rinne Uachtarán na Comhairle Eorpaí, Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh agus Ardrúnaí Eagraíocht Chonradh an Atlantaigh Thuaidh[20];

55. IARRANN SÍ ar an Aontas gona Bhallstáit tacú le forbairt na mbeart cothaithe muiníne réigiúnacha, atá ina ngné riachtanach chun an comhar agus an trédhearcacht a mhéadú agus baol na coinbhleachta a laghdú agus iarrann sí go orthu an fhorbairt sin a spreagadh. Trí bhearta cothaithe muiníne i dtaca leis an gcibearshlándáil a chur chun feidhme in ESCE agus i suíomhanna réigiúnacha eile, méadófar intuarthacht iompar stáit agus cabhrófar níos mó chun an cibearspás a chobhsú;

56. ATHDHEARBHAÍONN SÍ go leanfaidh an tAontas de sheasamh lena chroíluachanna i staca le cearta an duine agus saoirsí bunúsacha a chosaint agus treoirlínte an Aontais ar chearta an duine mar bhonn ag an saoirse ar líne. Leagann an tAontas béim ar a thábhachtaí atá rannpháirtíocht gach geallsealbhóir i rialachas an idirlín freisin, ina measc lucht na hacadúlachta, an tsochaí shibhialta agus an earnáil phríobháideach;

57. IARRANN SÍ ar an Aontas gona Bhallstáit forbairt cibear-acmhainne i dtríú tíortha a chur chun cinn, agus tús áite á thabhairt do thíortha comharsanachta an Aontais agus do thíortha i mbéal forbartha a bhfuil an nascacht ag fás go gasta iontu, d'fhonn aghaidh a thabhairt ar an gcibearchoireacht agus cibearathléimneacht a chothú, i gcomhréir le croíluachanna an Aontais. Ar mhaithe le dul chun cinn a dhéanamh le hiarrachtaí an Aontais sa réimse seo, ba cheart líonra fothaithe cibear-acmhainne de chuid an Aontais a fhorbairt chomh maith le treoirlínte de chuid an Aontais d'fhothú cibear-acmhainne lena gcomhlánófaí na sásraí agus na struchtúir reatha;

[20] 15283/16.

58. LEAGANN SÍ BÉIM ar an dul chun cinn atá déanta sa chomhar AE-ECAT maidir le cibearchosaint agus cibearshlándáil, agus san fhorbairt atá déanta acu ar oiliúint, oideachas agus ar choincheapa, gan iarrachtaí a dhúbláil nuair nárbh ghá sna cásanna ina raibh na riachtanais chéanna acu araon, chomh maith leis an idir-inoibritheacht a cothaíodh leis na riachtanais agus leis na caighdeáin i dtaca le cibearchosaint agus IARRANN SÍ go leanfar leis an gcomhar maidir le freachnaimh chibearchosanta (ar leibhéal na foirne) agus go roinnfear dea-chleachtais maidir le bainistiú géarchéime, gan iarrachtaí a dhúbláil nuair a bhíonn na riachtanais chéanna acu araon, agus lán-urraim á tabhairt do bheartas freachnaimh an Aontais agus do phrionsabail na cuimsitheachta, na cómhalartachta agus neamhspleáchas cinnteoireachta de chuid an Aontais;

59. AITHNÍONN SÍ go dtugann Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa ar Chibearchoireacht, Coinbhinsiún Bhúdaipeist, caighdeán éifeachtach dlíthiúil chun bonn eolais a chur faoin reachtaíocht náisiúnta ar an gcibearchoireacht. IARRANN SÍ go ndéanfadh gach tír creata dlíthiúla náisiúnta iomchuí a dhearadh agus go rachaidís i mbun comhair laistigh den chreat idirnáisiúnta seo a chuirtear ar fáil le Coinbhinsiún Bhúdaipeist;

60. MEABHRAÍONN SÍ an méid atá bainte amach ó thaobh idirphlé déthaobhach de chuid an Aontais a dhéanamh ar chibearchúrsaí agus iarrann sí go ndéanfar breis-iarrachtaí chun an comhar le tríú tíortha sa chibearshlándáil a éascú;

61. MEABHRAÍONN SÍ go bhfuil sásra stóinse agus ceangailteach ó thaobh an dlí de ag an Aontas maidir le rialú onnmhairí atá bunaithe ar na cinntí agus na dea-chleachtais a forbraíodh sna córais idirnáisiúnta neamhiomadaithe agus TUGANN SÍ DÁ hAIRE an plé atá ag dul ar aghaidh sa Chomhairle chun teacht ar an mbealach is fearr le feidhmiú na rialaithe sin a fheabhsú a thuilleadh agus IARRANN SÍ ar na Ballstáit leanúint d'aghaidh a thabhairt, sna córais ábhartha idirnáisiúnta maidir le rialú onnmhairí (m. sh. Comhshocraíocht Wassenaar), ar na bealaí ríthábhachtacha le teicneolaíochtaí nua a úsáid don chibearshlándáil, d'fhonn rialú éifeachtach theicneolaíochtaí ríthábhachtacha an lae amárach don chibearshlándáil a áirithiú.

62. Ag teacht i ndiaidh na gconclúidí ón gComhairle Eorpach an 19 Deireadh Fómhair 2017[21], cuirfear na conclúidí seo chun feidhme trí phlean gníomhaíochta a bheidh le glacadh ag an gComhairle roimh dheireadh 2017. Déanfaidh an Chomhairle an plean gníomhaíochta sin, a bheidh ina dhoiciméad beo, a athbhreithniú agus a nuashonrú go rialta.

---

[21] EUCO 14/17.